

Comhghnóthas KDT**Foilsíú folúntais le haghaidh fheidhm an Stiúrthóra Feidhmiúcháin****(Gníomhaire Sealadach — Grád AD 14)****COM/2022/20081****(2022/C 221 A/02)****Cé sinn**

Is comhpháirtíocht Eorpach phríobháideach phoiblí é an **Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (Comhghnóthas KDT)** atá dírithe ar infheistíochtaí a ghairiú in earnáil na leictreonaice san Eoraip chun taighde a dhéanamh ar eochairtheicneolaíochtaí digiteacha nuálacha agus teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha a fhorbairt. Cothaíonn Comhghnóthas KDT comhar ó thaobh an taighde agus na nuálaíochta idir na páirtithe leasmhara uile amháil an earnáil tionsclaíochta, na húdaráis phoiblí, an lucht acadúil agus na heagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, tríd iarrachtaí a tharraingt le chéile agus iad a dhíriú. Tá straitéis Chomhghnóthas KDT ailínithe leis an gClár Réime “Fís Eorpach” agus le clár na Stát Rannpháirteach chun infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh agus chun cur le héifeachtacht na tacaíochta poiblí trí dhúbláil iarrachtaí gan ghá agus ilroinnt iarrachtaí a sheachaint, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le tionscal a fhorbairt san Aontas a bheidh láidir agus iomaíoch ar fud an domhain. Is i mBriséil na Beilge atá Comhghnóthas KDT lonnaithe.

Mar chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027 agus i gcomhréir leis an gClár Réime Fís Eorpach, tá Comhghnóthas KDT ar cheann de na naoi gComhghnóthas a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is é Comhghnóthas KDT an comharba ar Chomhghnóthas ECSEL ⁽²⁾ a bhí ann roimhe seo, agus tacaíonn sé leis na tionscail de chuid an iar-chomhghnóthais sin atá go fóill ar siúl, ós rud é gurb é an comharba dlíthiúil agus uilíoch é i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoine faighte Chomhghnóthas ECSEL.

Téann Chomhghnóthas KDT i ngleic le hábhair atá sainithe go soiléir, ar ábhair iad a neartóidh neamhspleáchas teicneolaíoch an Aontais i leith comhpháirteanna agus córais leictreonacha, leagann sé amach barr feabhais eolaíoch agus ceannaireacht nuálaíochta an Aontais i leith teicneolaíochtaí comhpháirteanna agus córas atá ag teacht chun cinn agus cinntíonn sé go rachaidh teicneolaíochtaí comhpháirteanna agus córas i ngleic le dúshlán shochoíochta agus chomhshaoil na hEorpa.

Le linn shaolré Chomhghnóthas KDT, ó 2021 go 2031, EUR 1,8 billiún a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais uasta ón Aontas Eorpach leis an gComhghnóthas KDT. Ag an am céanna, déanfaidh Stáit Rannpháirteacha KDT ranníocaíocht a bheidh cothrom le ranníocaíocht an Aontais. Maidir le comhaltaí príobháideacha Chomhghnóthas KDT, arb iad na comhaltaí príobháideacha iad atá ag Comhghnóthas ECSEL (na comhlachais tionsclaíocha “AENEAS”, “INSIDE” (ar a dtugtaí “ARTEMISIA” roimhe seo) agus “EPoSS” nó a gcomheintitis agus a n-eintitis chleamhnaithe), déanfaidh siad ranníocaíocht EUR 2,5 billiún ar a laghad. Beidh costais riaracháin tuairim agus EUR 50 milliún ag gabháil le hOifig Chomhghnóthas KDT le linn a saolré. Beidh na costais riaracháin sin roinnte go cothrom idir an tAontas agus na comhaltaí príobháideacha.

Faoi láthair, tá 30 ball foirne ag Comhghnóthas KDT. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar shuíomh gréasáin KDT JU, atá ar fáil ag <https://www.kdt-ju.europa.eu/>

An 8 Feabhra 2022, mhol an Coimisiún an “Gníomh Eorpach um Shliseanna”, sraith chuimsitheach beart chun cinnteacht soláthair, athléimneacht agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais i dteicneolaíochtaí agus feidhmchláir leathsheoltóra ⁽³⁾ a chinntiú. Mar chuid den Gníomh um Shliseanna, tá sé beartaithe Rialachán (AE) 2021/2085 a leasú ⁽⁴⁾ chun raon feidhme ghníomhaíochtaí Chomhghnóthas KDT atá ann faoi láthair a mhéadú, a bhfuil sé beartaithe é a athainmniú mar an “Comhghnóthas um Shliseanna”. Chuirfeadh an Comhghnóthas um Shliseanna athainmniú tús lena chuid gníomhaíochtaí breise nuair a thiocfaidh rialachán an Ghnímh um Shliseanna i bhfeidhm. Leanfaidh sé de ghníomhaíochtaí Chomhghnóthas KDT a chur chun feidhme chomh maith leis an gcuid is mó den “Tionscnamh Eorpach um Shliseanna” a bunaíodh faoin nGníomh um Shliseanna. D’áireofaí leis sin infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí nuálaíochta agus fothaithe acmhainneachta, amháil línte píolótacha, bonneagair deartha, agus ionaid inniúlachta.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17–119).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear Comhghnóthas ECSEL (IO L 169, 7.6.2014, lch. 152) (Rialachán ECSEL ón gComhairle)

⁽³⁾ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_22_729

⁽⁴⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52022PC0047>

EUR 4,175 billiún san iomlán a bheadh sa ranníocaíocht uasta airgeadais atá beartaithe ón Aontas Eorpach leis an gComhghnóthas um Shliseanna (le linn a shaolré go dtí 2031), le ranníocaíocht chomhréireach ó na Stáit Rannpháirteacha. Meastar gur costais riaracháin tuairim agus EUR 80 milliún a bheidh ag gabháil le hOifig an Chomhghnóthais maidir le Sliseanna le linn a shaolré.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe pearsanra an Chomhghnóthais um Shliseanna athainmnithe a mhéadú go 50 ball foirne faoi 2026.

Is éard atá á thairiscint

Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaí dlíthiúil an Chomhghnóthais. Déanfaidh sé ionadaíocht ar an gComhghnóthas i leith chomhphobal KDT. Déanfaidh sé a chuid cúraimí go neamhspleách agus is don Bhord Rialaithe a bheidh sé cuntasach.

Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh i gceannas ar an gComhghnóthas agus mar bhainisteoir air, agus glacfaidh sé freagracht fhoriomlán as a chuid oibríochtaí, lena n-áirítear cur chun feidhme an bhuiséid, chomh maith lena chinntiú go mbainfear amach na cuspóirí atá aige.

Ar bhonn Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/2085, áireofar ar fhreagrachtaí agus ar chúraimí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin an méid seo a leanas:

- Feidhmiú mar an príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gComhghnóthas a bhainistiú ó lá go lá i gcomhréir le cinní an Bhoird Rialaithe. Soláthróidh sé an fhaisnéis uile a theastóidh ón mBord Rialaithe le haghaidh fheidhmiú a fheidhmeanna. Gan dochar d'inniúlachtaí institiúidí an Aontais agus an Bhoird Rialaithe, ní lorgóidh ná ní ghlacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin treoracha ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile.
- Feidhmiú mar ionadaí dlíthiúil an Chomhghnóthais. Is do Bhord Rialaithe an Chomhghnóthais a bheidh sé cuntasach.
- Buiséad Chomhghnóthas ECSEL a chur chun feidhme.
- Na cúraimí seo a leanas a dhéanamh ar son an Chomhghnóthais:
 - bainistiú inbhuanaithe agus éifeachtúil an Chomhghnóthais a chinntiú;
 - an dréachtbhuiséad bliantúil agus an plean bunaithe foirne a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe lena ghlacadh;
 - an clár oibre agus na meastacháin ar chaiteachas comhfhreagrach le haghaidh an Chomhghnóthais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe lena nglacadh, chun an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a chur chun feidhme;
 - cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe chun tuairim a fháil;
 - an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite maidir le gníomhaíochtaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe le haghaidh measúnú agus formheasa;
 - faireachán a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) d'Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2021/2085, tuairisciú go tráthrialta don Bhord Rialaithe faoi dhul chun cinn maidir le spriocanna a bhaint amach agus bearta leighis agus ceartaithe a mholadh, i gcás inar gá;
 - comhar foirmiúil agus rialta a bhunú leis na comhpháirtíochtaí Eorpacha a shainiú sa Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht agus i gcomhréir leis an treoshuíomh straitéiseach a chuir an Bord Rialaithe ar fáil;
 - ionadaíocht ar an gComhghnóthas a dhéanamh ag cruinnithe laistigh de raon feidhme rialachais Fís Eorpach;
 - an liosta gníomhaíochtaí atá le roghnú le haghaidh cistiú ón gComhghnóthas a chur faoi bhráid Bhord na nÚdarás Poiblí lena fhormheas;
 - measúnú a dhéanamh ar iarratais le haghaidh comhaltaí comhlachaithe i gcomhair ballraíocht sa Chomhghnóthas i ndiaidh glao oscailte ar léiriú spéise agus tograí le haghaidh comhaltaí comhlachaithe a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe;
 - comhlachtaí eile an Chomhghnóthais a chur ar an eolas go tráthrialta faoi gach ábhar a bhaineann lena ról;
 - comhaontuithe agus cinntí deontais faoina shainchúram a shíniú thar ceann an Chomhghnóthais;
 - conarthaí soláthair a shíniú thar ceann an Chomhghnóthais;

- beartas cumarsáide an Chomhghnóthais a chur chun feidhme;
- oibríochtaí agus foireann an Chomhghnóthais a eagrú, a stiúradh agus a mhaoirsiú laistigh de theorainneacha an tarmiligin ón mBord Rialaithe;
- feidhmiú córais rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh agus éifeachtúil a bhunú agus a áirithiú agus aon athrú suntasach air a thuairisciú don Bhord Rialaithe;
- leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coiscitheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile, trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, i gcás ina mbraithfear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur;
- cur i gcrích na measúnuithe riosca agus na bainistíochta riosca ar son an Chomhghnóthais a chinntiú;
- aon bheart eile is gá chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chomhghnóthais i dtreo a chuspóirí a bhaint amach;
- plean a ullmhú le haghaidh chéimniú amach an Chomhghnóthais as cistiú Fís Eorpach agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe lena ghlacadh;
- aon chúram eile a iarrfaidh an Bord Rialaithe air a dhéanamh nó a tharmligfidh an Bord Rialaithe dó nó aon chúram is gá a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2021/2085;
- beidh an chumhacht aige a chumhachtaí a tharmligean chuig baill foirne eile faoi réir rialacha atá le glacadh i gcomhréir leis an mír dheireanach d'Airteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2021/2085.
- Clároifig a bhunú chun cúraimí tacaíochta uile an Chomhghnóthais a eascraíonn as Rialachán (AE) 2021/2085 a chur i gcrích faoina fhreagracht. Beidh an chlároifig comhdhéanta d'fhoireann an Chomhghnóthais agus déanfaidh sí na cúraimí seo a leanas go háirithe:
 - tacaíocht a thabhairt chun córas cuntasáíochta iomchuí a bhunú agus a bhainistiú i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais;
 - bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme chlár oibre an chomhghnóthais ar fud na sraithe cur chun feidhme;
 - an t-eolas ábhartha uile agus tacaíocht uile a chur ar fáil do chomhaltaí agus comhlachtaí an Chomhghnóthais a bheidh riachtanach dóibh chun a ndualgais a chomhlíonadh;
 - feidhmiú mar rúnaíocht na gcomhlachtaí sa Chomhghnóthas agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí comhairleacha a bhunaigh an Bord Rialaithe.

Beidh an Stiúirthóir Feidhmiúcháin freisin faoi réir na rialacha sonracha a leagtar amach in Airteagail 126-141 de Rialachán (AE) 2021/2085 maidir le Comhghnóthas KDT.

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart don iarrthóir is oiriúnaí na critéir roghnúcháin seo a leanas a chomhlíonadh:

a) Scileanna bainistíochta:

- An cumas foireann a stiúradh agus a spreagadh, lena n-áirítear foireann riaracháin, airgeadais agus theicniúil, i dtimpeallacht Eorpach atá ilchultúrtha agus ilteangach.
- Taithí mhaith ar acmhainní airgeadais suntasacha a bhainistiú i dtimpeallacht náisiúnta, Eorpach agus/nó idirnáisiúnta, agus lena mbaineann maoiniú ó fhoinsí poiblí.
- Taithí mhaith ar na nósanna imeachta um Dhearbhú agus Rialú Cáilíochta a chur chun feidhme agus a bhainistiú mar aon le modheolaíochtaí bainistíochta riosca.

b) Sainscileanna agus saintaithí:

- Eolas an-mhaith ar thosaíochtaí agus beartais pholaitiúla an Aontais Eorpaigh.
- Tuiscint chríochnúil ar institiúidí an Aontais, ar a bhfeidhmiú agus a n-idirghníomhú chomh maith le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais.

c) Buanna pearsanta:

- Sársbileanna cumarsáide chun gur féidir dul i gcomhairle agus a bheith ag obair i gcaidreamh agus i gcomhar go héifeachtach éifeachtúil líofa ó bhéal nó i scríbhinn le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta inmheánacha agus seachtracha agus ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhghnóthas i bhfóiraim sheachtracha.
- An cumas caidreamh éifeachtach oibre a chothú leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, chun a chinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais ina gcuid chomhleanúnach den straitéis thionsclaíoch le haghaidh comhpháirteanna agus córais leictreonacha.
- An cumas oibriú mar bhall d'fhoireann.

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Is ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas amháin, nach mór iad a bheith comhlánta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, a chuirfear na hiarrthóirí san áireamh nuair a bheidh an rogha á dhéanamh:

- *Náisiúntacht*: ní mór do na hiarrthóirí a bheith ina saoránaigh de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.
- *Céim nó diplóma ollscoile*: ní mór d'iarrthóirí:
 - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh diplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;
 - nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh diplóma amach dá bharr agus taithí oibre chuí bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí oibre a chur san áireamh sa taithí oibre iarchéime a iarrtar thíos).
- *Taithí ghairmiúil*: ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime ⁽⁵⁾ 15 bliana ar a laghad a bheith acu ar leibhéal ar féidir tosú air leis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas. Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí oibre sin a bheith faighte i réimse ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais.
- *Taithí bhainistíochta*: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí oibre iarchéime a bheith faighte i bhfeidhm bainistíochta ardleibhéil ⁽⁶⁾ i réimse atá ábhartha don phost seo.
- *Teangacha*: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ⁽⁷⁾ agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin mar chuid den tástáil sin.
- *Teorainn aoise*: ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ag an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh, an sainordú iomlán 3 bliana a chur i gcrích sula mbainfidh siad aois scoir amach. I gcás baill foirne shealadacha de chuid an Aontais Eorpaigh, sainítear an aois scoir mar dheireadh na míosa ina mbeidh 66 bliana slán ag an duine (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ⁽⁸⁾).

⁽⁵⁾ Ní chuirtear taithí oibre san áireamh ach amháin más fíorchaidreamh oibre atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar fhíorbair a bhfuarthas pá aisti agus mar fhostaí (aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Déanfar gníomhaíocht ghairmiúil a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh ar bhonn pro rata, de réir chéatadán deimhnithe na n-uaireanta lánaimseartha a oibríodh. Cuirtear saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Déantar dochtúireachtaí a chomhshamlú le taithí oibre, fiú amháin nuair nach dochtúireachtaí ar pá iad, ach uastréimhse 3 bliana amháin atá i gceist sa chás sin, ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse a chomhaireamh ach uair amháin.

⁽⁶⁾ Ba cheart d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina gcuraclam vitae na blianta go léir ina bhfuair siad taithí bhainistíochta: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon a bpiaraí.

⁽⁷⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701>

⁽⁸⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

Roghnú agus ceapadh

Is é Bord Rialaithe Chomhghnóthas KDT a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar bhonn gearrliosta a chuirfidh an Coimisiún Eorpach ar fáil. Chun an gearrliosta sin a thiomsú, eagróidh an Coimisiún Eorpach an roghnú de réir a nós imeachta roghnúcháin agus earcaíochta (féach an Doiciméad ar Bheartas Oifigeach Sinsearach ⁽⁹⁾).

Mar chuid den nós imeachta roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailísiú ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin a luaitear thuas agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2085, ar an bpainéal réamhroghnúcháin sin beidh ionadaí a cheapfaidh gach cineál comhalta den Chomhghnóthas nach é an tAontas é ⁽¹⁰⁾, chomh maith le breathnóir amháin a cheapfaidh an Bord Rialaithe.

I ndiaidh na n-agallamh sin, tarraingeoidh an painéal réamhroghnúcháin suas a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallamh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin (CCA). Cuirfidh CCA na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallamh dóibh.

Glacfaidh na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallamh le CCA dóibh páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán a réachtálfadha comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallamh agus tuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh CCA gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach do bheith ag feidhmiú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais.

Is é/iad Comhalta/Comhaltaí an Choimisiúin atá freagrach as an Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil caidreamh leis an gComhghnóthas faoina cúram ⁽¹¹⁾ a chuirfidh na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta CCA faoi agallamh.

I ndiaidh na n-agallamh sin, glacfaidh an Coimisiún Eorpach gearrliosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí, agus cuirfear an gearrliosta sin in iúl do Bhord Rialaithe an Chomhghnóthais. Féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh a dhéanamh na hiarrthóirí a chur faoi agallamh sula ndéanfaidh siad an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh as na hiarrthóirí ar ghearrliosta an Choimisiúin. Ní hionann duine a bheith ar an bpainéal agus ráthaíocht a bheith aige go gceapfar é.

D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí dul faoi agallamh bhreise agus/nó tástálacha breise a dhéanamh, sa bhreis orthu siúd a luadh thuas. D'fhéadfadh sé go mbeadh ceanglas orthu freisin ráiteas a chur faoi bhráid choiste/choistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is cinneadh riaracháin é an t-imréiteach slándála pearsanta a dhéantar i ndiaidh grinnfhiosrúcháin slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúcháin a rinne údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhóstóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin.

Comhdheiseanna

Cuireann an Coimisiún Eorpach agus an Chomhghnóthas beartas comhdheiseanna agus neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm de réir Airteagal 1d de na Rialacháin Foirne ⁽¹²⁾.

⁽⁹⁾ https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/compilation-of-the-senior-official-policy-at-the-european-commission_en.pdf (is i mBéarla amháin atá seo ar fáil)

⁽¹⁰⁾ ciallaíonn “comhalta seachas an tAontas” aon stát rannpháirteach, comhalta príobháideach nó eagraíocht idirnáisiúnta eile atá mar chomhalta den chomhghnóthas.

⁽¹¹⁾ Ach amháin i gcás ina dtarmilgfidh an Comhalta den Choimisiún lena mbaineann, i gcomhréir le Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 (PV(2007) 1811), agus an 30 Meán Fómhair 2020 (PV(2020) 2351) an cúram sin do Chomhalta eile de chuid an Choimisiúin.

⁽¹²⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

Cuirtear i bhfios go láidir i Rialachán (AE) 2021/2085 go n-urramófar prionsabal na cothromaíochta inscne ar feadh an phróisis roghnúcháin. Ar an gcaoi sin, aithníonn an Coimisiún agus Comhghnóthas KDT gur gné thábhachtach spreagtha do go leor daoine é cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh obair sholúbtha mar chuid de thimpeallacht oibre nua-aimseartha. Dá bhrí sin, geallann an Coimisiún agus Comhghnóthas KDT go bhfáilteoidh siad roimh an éagsúlacht, an comhionannas inscne agus an cuimsiú inscne agus go ndéanfaidh siad iad a bhainistiú, agus fáiltíonn siad roimh iarratais ó gach iarrthóir neamhspleách ar a n-inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, teanga, reiligiún nó creideamh, aois nó claonadh gnéasach, lena n-áirítear iarratais ó iarrthóirí atá faoi mhíchumas. Fáiltíonn an Coimisiún agus an Comhghnóthas KDT go gníomhach roimh iarratais ó gach iarrthóir cáilithe ó chúlraí éagsúla, ó gach inniúlacht agus ón mbonn geografach is leithne is féidir as measc Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Chun comhionannas inscne a chur chun cinn, spreagann an Coimisiún agus Comhghnóthas KDT iarratais ó mhná go háirithe. Is féidir cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas le linn an nós imeachta earcaíochta.

Coinníollacha fostaíochta

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

Déanfaidh an Comhghnóthas an t-iarrthóir ar éirigh leis a fhostú mar Ghníomhaire Sealadach ag grád AD14. Rangófar é ag céim 1 nó céim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí oibre roimhe sin.

Ceapfar an t-iarrthóir rathúil le haghaidh sainordú tosaigh ceithre bliana. Féadfaidh Bord Rialaithe an Ghnóthais Chomhpháirtigh síneadh a chur leis an téarma oifige uair amháin, ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana.

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear faoi Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil uirthi.

Is í Bruiséil na Beilge an áit ina bhfuil an t-ionad oibre.

Beidh an folúntas ann ón 1 Samhain 2022 ar aghaidh.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Sula rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfear an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na ceanglais incháilitheachta ("Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí"), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, an taithí oibre ardleibhéil agus an acmhainn theangeolaíoch atá ag teastáil. Má tá aon cheann de na ceanglais incháilitheachta nach gcomhlíonann iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón nós imeachta roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú ar an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir le céimeanna éagsúla an nós imeachta a leanúint:

<https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den nós imeachta. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass⁽¹³⁾ más féidir é, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

⁽¹³⁾ Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: <https://europa.eu/europass/ga/create-europass-cv>

Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Dáta deiridh

Is é **12.00 meán lae, am na Bruiséile, an 06/09/2022**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an sprioc-am chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlactar le clárúcháin dhéanacha.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin éagsúla. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha.

Sonraí pearsanta a chosaint

Áiríteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁴⁾. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).